



Cath 
Cluain Tarbh
MÍLAOISE 1014-2014

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Béarla an Rí	2
Féile Catha	2
Chluain Tarbh	
An Titanic	3
Rudaí eile a tharla in Aibreán	3
Scéal grinn	3
Brian Bóramha	4
Rudaí a chuireann fearg orm	5
Banna ceoil "Punk"	5
McDonald's	5
An Ghaeilge i dTamhlacht	6
Ba bheag a tharla sé	7
Béiríní bréigí	7
Féile aistritheacha	7
Comhdháil	7
Ionspioráid ó Thuaidh	8
Seosamh Ó hÉanaí	8
Séamus Ennis	8
An Soiscéalaí	9
Sráid Amiens	9
Leabhar Ard Macha	19
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Úrúisce & sáile	11
Séasúr CLG	12
Maratón Bostún	12



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 1 EAGRÁN 4

AIBREÁN 2014



MÍLAOIS CHATHA CHLUAIN TARBH



Ar Aoine an Chéasta, 23 Aibreán 1014 i gCluain Tarbh, Áth Chliath, chloígh na Gaeil (agus Lochlannaigh Luimnigh ina measc) slua Lochlannach (agus muintir Laighin ina measc). Maraíodh Brian Bóramha ag deireadh an chatha (agus é ag guí ina phuball). Chun mílaois an chatha a chomóradh tá a lán imeachtaí ar siúl ar fud na hÉireann agus thar lear freisin. Is féidir leat eolas fúthu a fháil ach dul ar an ghréasán (idirlíon) ag brianborumillennium.ie

COMHDHÁIL CHATHA CHLUAIN TARBH

Bhí Siompóisiam Idirnáisiúnta chun Mílaoise Chatha Cluain Tarbh a chomóradh in Amharclann Edmund Burke, Coláiste na Tríonóide, 11-12 Aibreán 2014. Bhí saineolaithe i Stair na hÉireann, i Stair na Lochlannach agus sa Léann Ceilteach ag freastal ar an tionól seo. Labhair siad faoi Bhrian Bhóramha, faoin Ard-Ríogacht agus faoi thionchar na Lochlannach ar Éirinn. Bhí díospóireacht shuimiúil ar siúl faoi thábhacht an chatha agus na miotais agus an réaltacht a bhaineann leis. De réir chuid acu níor bhuaigh Brian an cath!



FÉILE CATHA CHLUAIN TARBH

Tá Comhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath chun an sráidbhaile Lochlannach agus an t-athachtú catha stairiúla (**historical battle re-enactment**) is mó riamh a chuir i láthair in Éirinn ar an Satharn agus ar an Domhnach, 19 agus 20 Aibreán i bPáirc Naomh Áine, Cluain Tarbh. Beidh siamsaíocht agus oideachas ar fáil do gach duine idir óg agus aosta ag an bhféile. Beidh taispeántais idirghníomhacha (**interactive**) agus seasta (**static**) de shaol na Lochlannach le feiceáil. I measc na himeachtaí beidh taispeántais uirlisí troda (armán), seanchas, gaibhne dubha, oibriú leathair, deil chleithe (**pole lathe**), gabha óir, bualadh bonn (**coin striking**), ficheall Lochlannach (**hnefatafl**), boghdóireacht, seabhcóireacht, bád Lochlannach, agus fiú Lochlannaigh ar chapail. Beidh seans agaibh freisin féachaint ar chluichí ceilteacha. Beidh péinteáil aghaidhe (**face painting**), preabchaisleán (**bouncy castle**), agus áit súgartha Lochlannach do na páistí óga. Beidh togha dí agus rogha bia le fáil freisin i margadh bia (**food village**) sa pháirc.





CEACHT BEAG NA GAEILGE - HOW TO SAY THAT YOU HAVE (JUST) DONE SOMETHING



How to say that you have (just) done something
 “I have written a letter” ; “She has just knitted a jumper”.
 This is called the ‘Present Perfect’ in English and it is rendered in Irish by:
 “I am after.....” “Tá mé tar éis.....” (rud a dhéanamh).
 Mar sin, má theastaíonn uait a rá
 “I have eaten an apple” deir tú “tá mé / táim tar éis úll a ithe”.
 Mar an gcéanna aistrítear “the bus has arrived” mar “tá an bus tar éis teacht”
 nó “my sister has knitted a jumper” mar “tá mo dheirfiúr tar éis geansaí a chnótáil”.

Manus: “Cad atá ort a Pheig? Tá tú ag crith go mór.”
 Peig: “Táim díreach tar éis taibhse a fheiceáil.”

BÉARLA AN RÍ (THE KING’S ENGLISH)

Ben Mac Lochlainn

Go luath i stair Shasana sa Mheánaois agus an Béarla á labhairt ag an bpobal, bhí deacracht acu uaireanta iad féin a thuiscint de dheasca an oiread sin canúintí éagsúla a bhí ann ar fud na tíre. Ba dheacair mar shampla fear ó Devon fear ó Yorkshire a thuiscint. Bá léir go raibh réiteach éigin ag teastáil. Cuireadh an lucht léinn an cheist lá amháin “Cén saghas Béarla a bhíonn á labhairt ag an Rí? Is eisean an té is tábhachtaí sa tír, mar sin, cibé caint a chloistear uaidh go laethúil, caithfidh gur é sin an modh labhartha ceart. As seo amach déanaimis aithris ar a chuid cainte agus ansin beimid in ann muid féin a thuiscint i bhfad níos fear.” Rinne siad amhlaidh agus is uaidh sin a d’eascair an téarma Béarla “the King’s English” –nó sin a deirtear.



AN TITANIC

Ben Mac Lochlainn

Tharla an tubaiste b'uafásaí i stair na mbád paisinéirí trasAtlantaigh Dé Domhnaigh 14 Aibreán 1912 nuair a bhuaill an long *Titanic* cnoc oighir ar a chéad aistear go Nua Eabhrac. Tar éis dhá uair go leith bhí sí imithe go tóin poill agus í ina luí ar grinneall na farraige. Tógadh an *Titanic* i mBéal Feirste sa longchlós Harland & Wolfe agus dúradh gur long dobháite (**unsinkable**) í. Tógadh paisinéirí ar bord ag **Southampton** agus ag **Queenstown** (Cóbh) sular thug sí aghaidh i dtreo Nua Eabhrac. Bhí daoine saibhre agus uaisle ar bord, ina measc Bruce Ismay, Cathaoirleach na cuideachta an **White Star Line** agus Molly Brown, “**the unsinkable Molly Brown**,” bean chróga a bhí mar inspioráid agus spreagadh do go leor ban eile ag am na timpiste. Bhí paisinéirí bochta den 3ú haicme, paisinéirí stáris (**steerage passengers**), agus neart Éireannach ina measc freisin, thíos i mbolg na loinge. Ar an tríú lá den aistir fuair teachtaireacht phráinneach ar an raidió go raibh na cnoic oighir ag snámh an-fhada ó dheas as an ghnáth agus á moladh bheith san airdeall fúthu. Ach bhí fonn ar Bruce Ismay curriarracht (**record**) thrasnú trasAtlantaigh a bhaint amach agus mar sin rinneadar neamhaird de na rabhaidh a bhí faighte acu. Chonaic na fairtheoirí thuas i “**nead an phréacháin**” (crannóg—**crow’s nest**) an cnoc oighir nuair a bhí sé ródhéanach agus cé gur chas an long beagáinín as an tslí rinne an t-imbhualadh forba (**gash**) fada i dtaobh na loinge. I rith an fhiosrúcháin phoiblí i Nua Eabhrac níos déanaí faoin ar tharla, tuairiscíodh go raibh Dara Oifigeach, David Blair, ar an *Titanic* ar tugadh treoir dó i **Southampton** aistriú go dtí long eile. Nuair a d'fhág sé an *Titanic* thug sé leis eochracha an cófra ina raibh na déshúiligh (**binoculars**). Deirtear freisin go mbeadh sé níos fearr dá mbuailfeadh an long an cnoc oighir os a choinne (**head on**), rud nach mbeadh chomh dona mar thabharfadh sé roinnt uaire breise snámha don long agus níos mó ama don long '**Californian**' a bhí ar a mbealach chuici, áit na tubaiste a shroicheadh. Rud eile suimiúil faoin *Titanic*, deirtear nach raibh ach trí de na ceithre shimpléar ina bhfíorshimpléar – go raibh ceann amháin dóibh bréagach, é tógtha chun cur le híomhá galánta na loinge. D'éag breis is 1,500 duine sa tragóid toisc easpa a dhóthain bád tarrthála. Deirtear freisin go raibh na focail '**No Pope Here**' scríofa ar thaobh na loinge ach níl ann ach líomhain Tá taispeántas den scoth ar siúl i mBéal Feirste (**the-titanic.com**) a mhíniú stair iomlána na loinge agus tá taispeántas **Titanic Experience** i gCóbh, Co. Corcaigh (**titanicexperiencecobh.ie**).



RUDAÍ EILE A THARLA IN AIBREÁN

Rugadh Charlie Chaplin, ceann de phríomhréalta Hollywood (*The Tramp*, *The Great Dictator*) ar an 16



Aibreán 1889, an deachtóir Adolf Hitler ar an 20 Aibreán 1889 agus an réalta scannán, Alec Guinness (*Oliver Twist*, *The Bridge on the River Kwai*, *Lawrence of Arabia*, *Doctor Zhivago*, *Star Wars*), ar an 2 Aibreán 1914. Fuair an Ginearál Douglas Mac Arthur (1964), Georges Pompidou (1974), iar-Uachtarán na Fraince, Tommy Cooper (1984), fuirseoir (**comedian**) agus draíodóir (**magician**), Sergio Leone (1989), stiúrthóir scannán, Lucille Ball (1989), fuirseoir agus réalta scannán agus teilifíse, Richard Nixon (1994), iar-Uachtarán Stáit Aontaithe Meiriceá agus Mickey Rooney (2014), mór-realta scannán go léir bás in Aibreán.



Ar an 24 Aibreán 1916 thosaigh Éirí Amach na Cásca i mBaile Átha Cliath. Tá sé 65 bhliain ó d'athraigh Saorstáit Éireann go dtí Poblacht na hÉireann. D'fhógair Seán A. Mac Coisdealbha (Taoiseach 1948-1951, 1954-1957) Saorstáit Éireann ina Phoblacht i Meán Fómhair 1948. Ritheadh Acht Phoblacht na hÉireann i 1948 ach níor tháinig sé i bhfeidhm go dtí Luan Cásca, 16 Aibreán 1949, 33 bhliain díreach tar éis Éirí Amach na Cásca.



SCÉAL GRINN NA MÍOSA— AN NUACHTÁN

Téann an turasóir seo isteach i siopa beag nuachtáin i bhfad amuigh i gceantar iargúlta.

Beannaíonn an bhean taobh thiar den chuntar dó:

“*Dia duit*” ar sise, “*an féidir liom cabhrú leat?*”

“*Is féidir*” freagraíonn an fear. “*Ba mhaith liom nuachtán a cheannach*”.

“*Tá go maith*” deir an bhean “*anois, tá dhá shaghas nuachtáin agam – an ceann d’inné agus an ceann d’arú inné. Cé acu atá uait?*”

“*Bhuel, a bhean uasal*” deir an fear, “*bhíos saghas ag súil leis an gceann d’inniu a fháil?*”

“*Fadhb ar bith*” deir an bhean “*an féidir leat teacht ar ais amárach!*”



BRIAN BÓRAMHA

TEACHT CHUN CINN BHRIAIN

Rugadh Brian Bóramha mac Cennétig timpeall 941 AD (927 AD de réir Annála na gCeithre Mháistrí), cóngarach do Chill Dalua i gContae an Chláir. Ceann de dháréag mic a bhí ag Cennétig Mac Lorcáin. Bhí deartháir amháin aige a bhí ina ab ar mhainistir Imleach Iubhair (**Emly**). D'éirigh le deartháir eile, Mathgamain, bheith ina Rí na Mumhan agus bhris sé ar Lochlannaigh Luimnigh ag Sulchóid i dTiobraid Árann ach maraíodh é i 976 AD agus tháinig Brian i gcomharbacht (**succeeded**) air. Diaidh ar ndiaidh bhain Brian amach Ríogacht na Mumhan, Ríogacht Leath Moga (an Mhumhain agus an chuid is mó de Laighean) agus sa deireadh an Ard-Ríogacht féin i 1002 AD.

MNÁ BHRIAIN

Bhí ceathrar bhean chéile ag Brian, Mór, Gormlaith, Echrad agus Dub Choblaig. Phós sé iad ar chúiseanna polaitíochta, chun a chumhacht a dhaingniú agus ní ar chúiseanna rómánsúla.

Is í Gormlaith an cheann is cáiliúla. Bhí sí pósta le Amlaíb (**Olaf**) Cuarán, Rí Lochlannach Dhubhlínn, agus mac dóibh ab ea Sitriuc Féasóg Síoda (**Sigtryggr Silkiskegg**), a throid i gcoinne Bhriain i 1014 AD. Bhí sí pósta freisin le Bhrian ar feadh tamaill. Fuair Brian colscaradh uaithi agus deirtear go raibh naimhdeas aice dó (**"hell hath no fury...."**) as sin amach agus gurb í cúis an chatha mar spreag sí Sitriuc agus a deartháir Máelmórda, Rí Laighean, éirí amach i gcoinne Bhriain. Fuair sí bás i 1030 AD in aois a 70. Is iad na fir a scríobh an stair! Tá ceoldráma faoi shaoil Ghormlaith, **"The Last High Queen of Ireland,"** scríofa ag Talay Delaney le ceol ó Rosemary Caine ach níl fhios agam ar cuireadh ar siúl é choíche in Éirinn.

Tá ainmneacha de triúr iníon de Bhrian againn, Sadb, Sláine agus Bébinn. Thug Brian Sadb mar chéile do Chian, mac an fhir a mharaigh a dheartháir. Thug sé Sláine mar chéile do Sitriuc, mac Ghormlaith agus thug sé Bébinn mar chéile do Flaithbertach Ua Néill, rí Cenél Eógain. Ní raibh sna mná san am ach airméisí (**chattles**). Ní mar sin atá an scéal sa lá atá inniu ann!!

AINM AN LAOICH

Ainm neamhchoitianta i measc na Dál Cais ab ea an t-ainm Brian. B'í máthair Bhriain, Bébinn, iníon Aurchad mac Murchada, rí Iar-Chonnachta. Bhí baint aige siúd leis na hUí Briúin Seóla. Ba dhuine muinteartha (**kinsman**) di, an Rí Brian mac Máelruanaid. B'fhéidir gurbh é seo bunús an ainm Brian. Is dócha go dtagann an leasainm, *Bóramha/Borúma*, ón Ráth mór, Bhél Bóraime (Bhéal Bórama), ar bhruach thiar na Sionainne, 2 km ó Chill Dalua. Ceapann cuid de na staraíthe go dtagann ainm an Rátha ó Áth na Bóraime agus go dtagann an t-ainm sin ón bhfocal "bó-ríme" ("comhaireamh na mbó") toisc gur ansin a tugadh na ba mar cáin don rí tuath (**overking**). Ceaptar go raibh Brian ag íoc an cháin i dtús a shaol agus á bhfáil ó ríthe eile níos déanaí.



SUÍOMH AN CHATHA

Bhí campa míleata ag Brian i gCill Mhaighneann. Deir an tOllamh Seán Duffy gur tharla an cath i gceoilár Chluain Tarbh, mar atá Ascaill an Chaisleáin agus Ascaill Radharc na Mara. Tháinig longa Lochlannacha i dtír timpeall na háite ina bhfuil Oileán an Tairbh inniu. Bhí troid ag Droichead Dhubghall. Ceaptar go raibh seo thar an Tulcha (tagann Baile Dúill ó Dubghall) cóngarach don Bhaile Bhocht.



BÁS AGUS ADHLACADH BHRIAIN

De réir Annála Loch Cé (www.ucc.ie/celt) dhícheannaigh (**beheaded**) Lochlannach (Bródar ó Oileán Mhanann de réir tuairiscí eile) Brian agus é ag guí ina phuball. Dícheannaíodh a nia, Conaing mac Donnucain, freisin. Tar éis bháis Bhriain deirtear gur tugadh a chorp go Sord Cholmcille chun tórramh (**wake**) a dhéanamh air. Ansin tugadh é go hArd Macha chun é a adhlacadh (ní raibh le fáil de Chonaing bocht ach a cheann!). Deirtear gur cuireadh corp Bhriain i gcónra chloiche nó marmair atá anois sa bhalla thuaidh d'Ardeaglais Naomh Pádraig i gcathair Ard Macha. Tá gá le hIndiana Jones chun é a aimsiú! B'fhéidir go bhfuil taisce (**treasure**) sa chónra leis an chorp!





RUDAÍ A CHUIREANN FEARG ORM

le Chris Baily

Tá a lán rudaí ann a chuireann áthas orm ach tá rud amháin a chuireann fearg orm, ‘sé sin daoine a mbíonn ag ól alcóil. Gach deireadh seachtaine feiceann tú grúpaí déagóirí ag ól sna páirceanna, ar na sráideanna nó i bhfolach i lána dorcha. Tá cuid acu chomh hóg le deich mbliana d’aois. De ghnáth is cannaí nó buidéal beorach a mbíonn á n-ól acu. Nuair atá grúpa déagóirí le chéile mar seo bíonn siad glórach ag béicíl agus ag screadaíl. Bíonn eagla ar sheandaoine agus ar pháistí ag siúl thar bráid. Fágann siad bruscar ar fud na háite. Briseann siad rudaí. Uaireanta lasann siad tinte agus freisin tá siad baolach dóibh féin. Go minic bíonn timpistí nó éiríonn na déagóirí tinn. Níos measa fós, bíonn troid uaireanta is bíonn páistí gortaithe. Cruthaíonn an t-ólachán fadhbanna pearsanta do na déagóirí ar scoil, sa bhaile agus lena gcairde. Cén fáth nach féidir linn stad a chur le hólachán i measc déagóirí óga? Cé a dhíolann an deoch dóibh? Cá bhfuil na Gardaí? An bhfuil an dlí róbhog? I Meiriceá mar shampla tá sé níos deacra do pháiste alcól a fháil. Cén fáth nach bhfuil na tuismitheoirí ag coimeád súil níos fearr ar a bpáistí? Caithfidimid go léir rud éigean a dhéanamh faoi anois.



BANNA CEOIL “PUNK”

le Patrice Condon

Má labhraíonn tú le duine ar bith, beidh blas ceol difriúil acu, mar, ar dtús, níl aon duine mar an gcéanna, agus, ar an dara dul síos, tá iliomad de sheánraí (**genres**) ceoil difriúla ann sa lá atá inniu ann ag dul ó phunc go pop, ó chlasaiceach go miotail agus ó grunge go hip-hop. Is cuma cén cineál ceoil is fearr leat, an rud atá coitianta idir gach duine ar domhan ná: is rud an-tábhachtach agus cumhachtach. Bíonn éifeacht mhór ag ceol ar dhaoine óga go speisialta. Tóg mar shampla an banna ceoil “**Checkpoint**” nó “**Seicphointe**” ó Bhaile Átha Cliath. Is banna ceoil óg é atá lonnaithe i dtuaisceart na cathrach. Tá ceathrar sa ghrúpa, an t-amhránaí, Seán Dunne, giotáraí Ryan Dean, dordóir Matt Gillanders agus an drumadóir Ali Greene McEnerney.

Is grúpa fuinniúil iad agus díríonn siad ar an seánra ceoil “punc” an chuid is mó den am. Spreagann bannaí ceoil mar shampla na **Sex Pistols**, **The Jam**, **The Ruts**, **The Clash**, **The Ramones** agus go leor eile iad. Dírithe ar chúrsaí reatha agus cúrsaí sóisialta in Éirinn agus ar fud an domhain go ginearálta atá siad—an rialtas truailleithe, na polaiteoirí ciontacha.....luann siad go bhfuil an tóin tite as an tír seo i mbeagán focal. Ar ndóigh, caithimid an t-aos óg a spreagadh mar tá an todhchaí ina lámha acu!

Glacann siad páirt i “**Battle of the Bands**” go minic, agus is annamh nach bhfuil an bua acu. Tá siad mar chuid den lipéad ceoil F.O.A.D. Bhí siad ag seinm ag an Fhéile Punc, “**Rebellion**”, i mí Lúnasa 2013 i Blackpool, Sasana. Bhí go leor bannaí ceoil “punc” a bhfuil clú agus cáil orthu ansin freisin (**The Misfits**, **The Buzzcocks**, **The Damned**, **Sham 69**...téann an liosta ar aghaidh!).



McDONALD’S AR FUD AN DOMHAIN

le Páidí Ó Riain

Tá aithne ag an saol ar na deartháireacha McDonald. B’fhéidir nach bhfuil an cháil chéanna ag an bhfear darbh ainm Ray Kroc. Chaith Ray Kroc cuid mhaith dá shaol ag díol rudaí mar meaisíní ilmheascthóra (**multimixer machines**) a dhéanann deochanna de bhainne coipthe. Lá amháin i 1954 fuair Kroc ordú le haghaidh ocht ilmheascthóra. Tháinig an t-ordú ó bheirt fhear a raibh bialann bhurgar agus sceallóg acu - na deartháireacha McDonald. Thug Kroc cuairt orthu ina mbialann féin i San Bernadino, California. Bhí an áit plódaithe agus rinne sé margadh ar an toirt. Ar bhonn chéatadán brabúis thug na deartháireacha cead do Ray Kroc bialanna ar an nós céanna is a bhí acu i San Bernadino a atógáil ar fud Mheiriceá agus an t-ainm McDonald’s a chur orthu. Bhí cead aige freisin an M mór a chur os a gcionn. D’oscail Ray a chéad bhialann i Des Moines, Iowa. Mar is eol do chách tá na bialanna McDonald’s ar fud an Domhain anois.



AN GHAELIGE I dTAMHLACHT

GAELPHOBAL THAMHLACHTA

Pól Ó Meadhra

Tá an Ghaeilge ar ais i réim go láidir i gceantar Thamhlachta . Osclaíodh doirse an tríú gaelscoil sa cheantar i Mí Mheán Fómhair seo caite buíochas mór le Dia. Scoil na Giúise an t-ainm a tugadh air is tá gach cuma ar an scéal go bhfuil ag éirí go geal léi.

Scéal maith eile ó thaobh na Gaeilge de ná Gaelphobal Thamhlachta. Cúpla bliain ó shin tháinig roinnt díograiseoirí na teanga ón gceantar le chéile is cuireadh craobh nua de Chonradh na Gaeilge ar an bhfód. Gaelphobal Thamhlachta a baisteadh air. Tríd an ngrúpa seo cuirtear go leor imeachtaí ar siúl do lucht Gaeilge an cheantair. An ceann is rialta díbh ná ciorcal chomhrá a bhíonn ar siúl gach Déardaoin ar a 8 pm i dteach tábhairne Molloy's, Sráidbhaile Thamhlachta.

Mar chuid de Sheachtain na Gaeilge i mbliana bhí oíche shóisialta san ionad céanna, teach tábhairne Molloy's. Bhí Stiofáin Ó Fearáil as an mbanna cheoil Seo Linn ag canadh ann. Is é seo an banna ceoil céanna a fuair breis is 3 mhilliún go leith buile ar Youtube dá leagan Gaeilge den amhrán **Wake Me Up** . Bhí oíche den scoth ag gach duine a bhí i láthair. I measc imeachtaí eile bhí an chéad tobshlua (**flashmob**) Gaelach riamh sa chearnóg. Ghlac daltaí is múinteoirí na gaelscoile áitiúla páirt ann. Bhí suas le 80 páiste ag rince don amhrán is déanaí ó Seo Linn; ' *Ar Scáth A Chéile* '. D'éirigh thar barr leis! Le féachaint air téigh ar Youtube agus scríobh 'tobshlua sa square'. Bainfidh tú sult as!

Le tuilleadh eolas faoi imeachtaí agus nuacht an eagrais sna seachtainí amach romhainn téigh chuig www.gaelphobalthamhlachta.com nó dean cairdeas linn ar Gaelphobal Thamhlachta/Facebook agus cuirfear ar an eolas thú.

GEARRSTAIR AN CHEANTAIR

Tá Tamhlacht suite 13 km thiar theas (southwest) de Bhaile Átha Cliath cóngarach do chnoic Chill Mhantáin Tá ceantair mar Theach Mealóg, Camaigh, Cluain Dolcáin, Cnoc Lín agus Rath Cúil thart ar an áit. De réir dhaonáireamh 2011 tá 71,503 daoine sa cheantar agus, mar sin, is í an tríú “cathair” is mó tar éis Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh. De réir Annála na gCeithre Máistrí fuair Parthalon, duine den chéad ionróirí ar tháinig go hÉirinn, agus 9,000 dá lucht leanúna bás den phlá timpeall 1190 RC (roimh Chríost) agus cuireadh iad i dTamhlacht. As sin an t-ainm, “*támh*” (plá) agus “*leach*” (láthair adhlactha).

B'ionad léinn í Mainistir na Tamhlachta bunaithe ag Naomh Maelruain i 792 AD. Bhí baint ag an mhainistir leis an Ghluaiseacht



Leasúcháin Spioradálta, Céili Dé agus Naomh Aonghus. Tharla Cath na Tamhlachta i seanbhairic na constáblachta, le linn éirí amach na bhFíiníní i 1867.

NA GAELSCOILEANNA



Bunaíodh **Scoil Santain** i 1979. Bhí páirt an-ghníomhach ag an gCumann Gaelach agus ag Caitlín Maude, file agus amhránaí Sean-Nós a raibh cónaí uirthi i dTamhlacht i mbunú na scoile. Bhí 32 dalta sa scoil i dtús. Anois tá níos mó ná 370.

Bunaíodh **Scoil Chaitlín Maude** faoi phátrúacht an Ardeaspáig i 1985 le freastal ar an éileamh d'oideachas trí Ghaeilge in Iar Thamhlacht. Ainmníodh an scoil i gcuimhne ar Chaitlín Maude, a fuair bás i 1982. Tá 232 páiste ar na rollaí anois.



Bunaíodh **Gaelscoil na Giúise** i 2013. Is scoil ilchreidmheach í Tá sí faoi phátrúnacht An Foras Pátrúnachta. Tá súil againn go mbeidh an rath céanna aici agus a bhí ag an dá ghaelscoil eile.

Is Coláiste Pobail Lán-Ghaeilge é **Coláiste de hÍde** a fheidhmíonn faoi stiúir Choiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath. Is scoil ilchreidmheach comhoideachasúil í.



Ciorcail Chomhrá: Leabharlann an Chontae, Cearnóg na Leabharlainne, Tamhlacht, Aoine: 1.00–2.00pm.

BA BHEAG A THARLA SÉ

Eithne Meridith

Lá breithe mo dhearthár chéile Paddy ab ea é agus bhí sé san ospidéal. Dúirt mo dheirfiúr liom go raibh Paddy san ospidéal freisin an bhliain seo caite ar a lá breithe. Thug Renée císte isteach dó. Bhí sí ar tí ‘Happy Birthday’ a chanadh agus an dá choinnle ar an gciste a lasadh nuair a rith sé liom go tobann go rabhamar timpeallaithe le hocsaigin ag bun na leapa. Smaoinigh mé ar an lasair gan chosaint agus scread mé - “ná las, ná las - beimid pléasctha inár smidiríní agus an barda go léir chomh maith agus beimid cúisithe ansin as na daoine a mharú – dá mhairfimis chun an scéal a insint.

BÉIRÍNÍ BRÉIGÍ (TEDDY BEARS)

Carmel Ní Mhaolmoldh

Tá scéal suimiúil ann ar cad as ar tháinig an t-ainm nó an téarma “teddy bear”. De réir dealraimh tá baint láidir leis an téarma sin agus le hIar-Uachtarán na Stáit Aontaithe, Theodore (Teddy) Roosevelt. Thart ar chéad is a deich mbliana ó shin bhí an tUachtarán ar thuras fiaigh i Stát Mississippi nuair a tháinig a ghrúpa ar bhéar a bhí ceangailte de chrann tar éis dó a lámhach ag duine den ghrúpa. Bhí an t-ainmhí bocht ag fulaingt agus d’iarraidh ar Roosevelt é a mharú. Dhiúltaigh sé agus mharaigh duine eile den ghrúpa é chun é a chur as a phian. Nuair a fuair na nuachtáin amach faoi seo bhí áiméar comórtha ar an spraoi acu (**chance to have fun**). Bhí na cartúin ann a dúirt go raibh Uachtarán “lag” ag Meiriceá. Mar thoradh agus mar chomóradh ar an eachtra, thosaigh na déantúsóirí ag déanamh béar beaga ar ar tugadh “teddy bear” (béirín bréige) agus is é sin an bréagán do pháistí atá againn inniu. Tá grá acu fós, idir buachaillí agus cáilíní, sna béiríní bréigí.



FÉILE AISTRITHEACHA (MOVABLE FEAST)

Brenda O' Neill



Is eol do chách dáta Lá na Nollag — gach uile bhliain...ar 25 Mí na Nollag. Ach céard faoi Cháisc? Athraíonn an dáta seo ó bhliain go bliain. I mbliana beidh sé againn ar 20 Aibreán. An Bhliain seo chugainn is ar an 5 Aibreán an lá a mbeidh tú ag ithe d’uibheacha Cásca. Tá sean córas spéisiúil ann chun an dáta seo a roghnú. Is í an chéad Domhnach a leanann an chéad ghealach lán a leanann Eacaineacht (nó Cónocht) an Earraigh (**Spring Equinox**) Domhnach Cásca. Bhí Domhnach Cásca á cheiliúradh ar

23 Aibreán 1916. Níos faide siar 23 Aibreán 1014, Aoine an Chéasta, bhí Cath Chluain Tarbh ar siúl. Comhtharlú de shaghas éigin! Ceist mar fhocal scoir: Cathain a bhí Aoine an Chéasta ar Luan Cásca? Freagra: i 1946 thit capall “*Aoine an Chéasta*” ab ainm dó, i rás ar Luan Cásca i dTigh na Síóg, Co. na Mí!!



COMHDHÁIL: DEIREADH NA FÉILE IMBOLG

Nodlaig Ó Scúrlóg

Beidh comhdháil ar siúl Dé hAoine 25 Aibreán ag 7.30 pm i gClasach ar Bhóthar Ailf Uí Bhroin (**Alfie Byrne Road**) chun go mbeidh deis ag daoine as grúpaí éagsúla a oibríonn ar son na Gaeilge teacht le chéile. Is rud neamhfhoirmeálta atá i gceist le tae is caife, comhrá, b’fhéidir beagán scéalta is spraoi. Má tá sé ar intinn agat teacht cuir in iúl do Nodlaig Ó Scúrlóg ar 086 239 4390 ag úsáid téacs. Tabhair rud beag mar mhilseog más mian leat agus beidh costas €2 i gcomhair tae/caife ann don ócáid seo. Beidh céilí ar siúl ag 9.30 pm eagraithe ag daoine eile agus tá costas le breis ar sin. Tá Bóthar Ailf Uí Bhroin ar an taobh thoir den líne DART agus ag dul go dtí Lár na Cathrach cas ar clé ag an droichead Annesley agus arís ar clé. Ar an DART tuirling ag stáisiún Bhóthair Chluain Tarbh (**Clontarf Road**).



INSPIORÁID Ó THUAIDH

Scott de Builéir

“Is iontach grúpa mór cosúil leis seo a fheiceáil anseo,” a dúirt an freastalaí liom, muid ag breathnú ar an slua a bhí ag caint lena chéile agus ag fanacht ar lón. Bhí an chéad chuid dá dturas go Béal Feirste déanta acu, agus anois, bhí muid in ann ár scíth a ligint ar feadh tamaill sa bhialann atá suite sa Chultúrlann ar Bhóthar na bhFál.

Cuireadh fearadh na fáilte romhainn agus muid ar turas sa chathair, ach séard a d'fhoghlaim mise ná go raibh easpa tuisceana againn ar an méid staire a bheadh le feiceáil. Thóg grúpa tacsaithe dubha muid ó mhúrfhictiúirí na bhFál, chun na Seanchille, na Ballaí Síochána agus Sráid Bombay, a scríosadh le linn na dTrioblóidí. Bhí iontas ar an slua a tháinig ó Bhaile Átha Cliath, roinnt acu nach raibh i mBéal Feirste riamh, daoine eile nach raibh ann le fada. Séard a dúirt chuile ceann acu ná gur chuir an turas peirspictíocht nua ar an saol ó thuaidh dóibh.

Séard eile a bhí suimiúil, áfach, ná an t-iontas a bhí ar mhuintir an deiscirt ar an méid sin a bhí ar fáil don phobal Gaeilge i mBéal Feirste. Ní ionann sin is a rá gur Parthas atá ann, mar ní hé – táthar fós ag fanacht ar Acht Gaeilge ó Stormont – ach tá fuinneamh agus cumhacht na gluaiseachta Gaeilge le feiceáil go soiléir i gCeathrú Ghaeltachta Bhéal Feirste. Is í Cultúrlann McAdam Ó Fiaich an t-ionad Gaeilge is fearr agus is mó ar an oileán seo, agus mar a bhí ráite ag duine dár ngrúpa féin, is náireach nach bhfuil a leithéid ann i mBaile Átha Cliath.

In eagrán Márta bhí iomrall (**confusion**) aithne againn idir Séamus Ennis agus Sheosamh Ó hÉanaí. Maith dúinn ár n-aineolas ar an gceol. Thíos tá beagánín faoin bheirt.

SEOSAMH Ó hÉANAÍ

Rugadh Seosamh san Aird Thiar i gCarna, Conamara i 1919. Chuaigh sé ar scoil i mBaile Átha Cliath agus in aois a sé déag thosaigh sé ag canadh ag feiseanna éagsúla. Chuaigh sé go Londain i 1945 chun oibriú ar láithreáin tógála. Thaistil sé go dtí Daonfhéile (**Folk Festival**) Newport) i Mheiriceá agus ó shin go dtí Nua Eabhrac. Bhí sé ina ealaíontóir-ina-chónaí (**artist-in-residence**) ag Ollscoil Washington, Seattle, ó 1982 go dtí a bhás i



1984. Tá “*The Joe Heaney Collection*” i gCartlann Cheoleolaíochta (**Musicology Archives**) na hOllscoile agus bíonn *Féile Chomórtha Joe Éinniú* ar siúl gach bliain i gCarna. Tá Seosamh curtha i reilig Mhaorais ansin. Áirítear é ar dhuine d’amhránaithe móra an tsean-nóis.

SÉAMUS ENNIS

Rugadh Séamus é 1919 i bhFionnghlas. Ba cheoltóirí a thuismitheoirí James (píob uilleann) agus Mary (fidil). Thosaigh Séamus ag foghlaim na píbe uilleann óna athar nuair a bhí sé trí bhliain déag. Chuaigh sé ar scoil chuig Coláiste Mhuire i mBaile Átha Cliath. D’oibrigh sé don Choimisiún Bhéaloidis nuair a bhí sé ina fichidí ag bailiú amhrán i gConamara, i nGaillimh, sna hOileáin Árann, i Maigh Eo, i nDún na nGall, sa Chabhán agus in Innse Gall (**Hebrides**). Bhí sé ag obair do Raidió Éireann ar feadh tamaill agus don BBC ó 1951 (“*As I roved out*”). Bhí sé ag brath ar a cheol dá chuid airgead ó 1958. Bhuail an eitinn (**tuberculosis**) é agus níos déanaí i 1982 fuair sé bás ón ailse. D’fhág sé a pháib uilleann do Liam Ó Floinn (Planxty). Tá sé curtha i reilig in Aill, Fine Gall, Co Átha Cliath. Tá Ionad Cultúrtha Shéamuis Ennis ansin agus bíonn Féile Scoil Shéamuis Ennis ann gach bliain freisin.



TURAS LAE GO DTÍ CEATHARLACH, DÉ SATHAIRN, 26 AIBREÁN

Costas: €25 in aghaidh an duine. Níl lón ná caife/tae in áireamh.

TÁBHACHTACH

Íoc roimh Dé Céadaoin 16 Aibreán 2014 ag Wild Rover Tours, Oifig Turasóireachta Bhaile Átha Cliath, Droichead Uí Chonaill, 33 Siúlán Bhaitsiléir, BÁC 1

T: +353 1 284 5560. (le Carta Creidmheasa) E: info @ wildrovertours.com




AN SOISCÉALÁÍ S'AGAINNE

le Peadar Ó Maicín

Ba cheart áthas a bheith ar Ghaeil Átha Cliath ar theacht do Shéamas Ó Conghaile ón Oileán Úr. Togha Gael atá ann a bhfuil eolas cruinn aige ar Éirinn agus ar stair na hÉireann agus fear é a thuigeann dála na n-oibrithe in Éirinn go maith.

Is mór an feall é nár thig leis fanacht anseo againn tráth a bhí sé inár measc suim aimsire ó shin. Dá bhféadfaimis Séamas a choinneáil inár measc, níor bhaol do chúis an tsóisialachais. Rachaidh an chúis chun cinn ma fhanann Séamas in Éirinn. Is é an t-aon fhear amháin é a thuigeann an scéal chomh fada agus a théann le muintir na tíre seo. Ní éisteoimid le daoine a deir “*ó caith uaibh an ráiméis seo i dtaobh náisiúnachta; caithfidh sibh bhur gcúl a thabhairt le gach rud a bhaineas le Caitlín Ní hUallacháin.*” Sin iad na daoine is coitianta atá ag spreagadh soiscéal an tsóisialachais i mBaile Átha Cliath go háirithe agus ní nach ionadh is beag an tsuim a chuireann lucht oibre Átha Cliath ina gcuid cainte agus mar gheall ar sin theip orthu agus teipfidh orthu an chúis a chur chun cinn. Ní mar sin do Shéamas ámh, deireadh sé i gcónaí, i gcónaí agus tchím de réir an *Náisiún* go ndeir sé fós é, go gcaithfidh, mar a dúirt Seán Mistéil, “*a bheith ag smaoineamh ar Éireann ó thús deireadh.*”



Caithfidh a bheith ag smaoineamh ar Éireann agus ar mhuintir na hÉireann, díreach mar a smaoiníonn Blatchford ar Shasana agus ar mhuintir Shasana, agus pé locht a bhfaightear ar Blatchford caithfear a admháil gur duine é a bhfuil grá aige dá mhuintir féin. A dhalta siúd do Shéamas Ó Conghaile. Tá a chroí sa tír seo agus i muintir na tíre seo. Agus tá sé deimhneach de go dteastaíonn uainn an tsóisialachas seo ionas go mbeidh sonas is só le fáil ann ag clann na nGael ina dtír dhúchais féin. Aon duine de lucht “Éire Ghaelach” gur gnáthach leis tarcaisne a thabhairt don tsóisialachas, is é mo chomhairle dó, dul ag éisteacht le Séamas. Gheobhaidh sé fios fátha an scéil uaidh sin, geallaim dó; agus is é mo dhóchas go mbeidh sóisialachas na hÉireann ag dul i neart agus i dtreise de dheasca oráidí agus saothair Shéamais. Gura fada a mhairfidh sé chun labhairt linn agus chun scríobh dúinn. Teastaíonn leabhráin uainn a bhaineas le staid na sclábhaithe agus le beatha lucht saothair i gcoitinne sa tír seo agus is é Séamus an fear a chuirfeadh a leithéid de leabhráin in eagar dúinn.

Ar Oileán Thoraigh i dTír Chonaill dom

ón *Irish Nation*, 27 Lúnasa 1910

AMIENS STREET, D 1 / SRÁID AMIENS, BÁC 1

Tá a fhios ag gach Bláclíathach ar an taobh ó thuaidh ar a laghad, cá bhfuil Amiens Street. Is í sin an tsráid ón a bhfaightear an traen go dtí Droichead Átha, Dún Dealgan agus Béal Feirste agus díreach mar eolas duit, osclaíodh Stáisiún Traenach Amiens sa bhliain 1846 agus tá sé i mbun gnó fós. Ach an dtuigeann daoine cad as ar tháinig an t-ainm sin? Fuaimníonn Béarlóirí 'Amiens' mar 'ay-miens' ach is í an fuaimniú ceart air ná “*a-meea*” ón bhFraincis. Is cathair í Amiens atá suite i dtuaisceart na Fraince i bPicardy agus is ann a tharla cath cinniúnach ach cath tubaisteach don chathair agus do mhuintir na cathrach i rith an Chéad Chogadh Domhanda. B'fhéidir gur ainmníodh an tsráid in ómós don chathair sin (nuair a bhíomar fós mar chuid de na 'British Isles' agus an tsmaointeoireacht 'Sasanach' againn) mar thoradh ar an ár a d'fhulaing sí. I rith an Dara Chogadh Domhanda ba é an rud céanna le seilbh á nglacadh ar Amiens ag na Comhghuaillithe agus ag na Gearmánaigh araon. Ar an dea-uair tá cúrsaí i bhfad níos fearr inniu. Is cathair fhuadrach (*bustling*) é Amiens sa lá atá inniu ann agus is fiú go mór cuairt a thabhairt air.




LEABHAR ARD MACHA

Baineann an lámhscríbhinn seo (i Laidin don chuid is mó agus le Sean Ghaeilge freisin) leis an 9ú hAois agus tá cur síos inti faoi Naomh Pádraig, le píosaí ón Tiomna Nua agus ó Bheatha Mhartín de Tours. I gcúinne leathanaigh amháin tá na focail seo scríofa “*Ego scripsi, id est Calvus Perennis, in conspectu Briani Imperatoris Scotorum.*” (Tá seo scríofa agam, ag mise Calvus Perennis, i láthair Bhriain, Impire na nGael). Má tá seo fíor is féidir linn, i 2014, féachaint ar rud a leag Brian Bóramha féin a shúile uirthi.



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-4



TRASNA

SÍOS

1	flower (5)	2	mud (4)
4	hunt (5)	3	take (3)
7	peevish (5)	4	trot (5)
9	gander (6)	5	generosity (4)
11	for ever! (3)	6	beech (3)
12	juniper (6)	8	new (3)
14	dry (5)	10	bladder (7)
16	saint (5)	11	lawlessness (6)
17	trouble (3)	13	glove (8)
18	nail (5)	14	theory (7)
19	oak (4)	15	dog (5)
20	knife (5)	16	link (4)
21	tide (6)	21	seizure (4)
24	spear (2)	22	of (2)
25	music (4)	23	pillow (6)
27	sausage (5)	26	day (2)
30	distribute (4)	28	ill usage (3)
32	time (2)	29	plunder (4)
33	mare (4)	31	taste (4)
34	sail (4)	32	people (3)
35	liver (2)	34	rest (3)
36	herring (6)		
37	magazine (4)		
38	interest (2)		

CUARDACH FOCAL 4



ainmhithe na feirme/farm animals

T	A	R	B	N	H	C	Ú	M	H	C	A	E	R	R
A	S	A	A	B	A	R	B	H	B	R	A	T	E	E
R	É	U	H	A	M	N	N	S	T	A	L	H	R	Í
S	C	U	M	B	C	Á	N	A	B	R	T	B	Á	T
É	L	R	B	H	N	Ó	S	Á	N	I	A	U	O	H
A	P	O	R	Á	T	A	P	S	E	Á	L	C	A	E
R	O	Á	R	S	L	R	B	R	O	M	A	C	H	C
G	C	N	B	I	E	H	Á	R	E	O	I	U	O	A
C	A	O	N	I	Á	R	C	A	R	I	R	N	R	R
A	N	H	C	R	R	L	N	A	U	C	A	M	S	R
P	G	N	A	I	M	N	A	Ú	P	O	C	Á	N	O
P	R	T	A	R	Á	B	R	A	T	A	L	T	S	E
C	A	L	O	N	R	H	O	N	M	H	L	I	A	S
L	I	Á	R	T	H	E	R	S	E	A	R	L	C	H
H	C	A	R	R	A	E	S	T	O	N	A	Ú	R	T

asal (ass)	lao (calf)
banbh (piglet)	meannán (kid)
bromach (colt)	muc (pig)
caora (sheep/ewe)	pocán (he-goat)
capall (horse)	reithe (ram)
cráin (sow)	searrach (foal)
gabhar (goat)	tarbh (bull)
láir (mare)	uan (lamb)



SÉASÚR NUA CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL *le Séamus Ó Muilleoir*

Tá muid go léir ar bís anois ag súil le tosú séasúr úrnua Chumann Lúthchleas Gael. Mar a dúirt an file “*beidh na laethanta ag dul chun síneadh*” agus muid ag tnúth le deireadh na Sraithe Náisiúnta agus na gCraobhacha Cúigí os ár gcomhair amach. Cé a bhéas mar churaidh sna Cúigí difriúla? Táim ag smaoinemh ar chúrsaí peile.

I gCúige Laighin tá sé deacair aon fhoireann a bhéas ábalta na Dubs a shárú. Bheadh sé níos deacra réamhaisnéis a dhéanamh faoi bhuaiteoirí Uladh. Measaim go mbeidh sé idir Dún na nGall, Tír Eoghain, Muineacháin agus Ard Mhaca. B’fhéidir go bhfuil seans ag Cabhán freisin. Ach is é mo rogha do Chraobh an fhoireann Connalaigh.

I gCúige Connachta tá seans ag Ros Comáin agus b’fhéidir ag Gaillimh, cé go bhfuil siad in isle brí faoi láthair. Ach is é mo rogha don Chraobh ná foireann Mhaigh Eo. Taobh amuigh de mo chontae féin (Laois) níl aon fhoireann gur fearr liom a fheiceáil ag buachan 'Sam' ná foireann Mhaigh Eo.

I gCúige Mumhan tá seans ag Ciarraí agus Corcaigh. Corcaigh mo rogha don chraobh. Fágann sé sin go mbeadh Craobh na hÉireann idir Mhaigh Eo, Dún na nGall, Corcaigh agus Áth Cliath. Tabharfaidh mé mo rogha dheireanach do Mhaigh Eo má dheineann siad an rogha cheart i dtaobh roghnú an fhoireann ar an ócáid féin.



MARATÓN BOSTÚN 2014

Ben Mac Lochlainn

Tá siad le feiceáil gach uile lá fiú i rith an Gheimhridh, daoine idir óg 'is aosta, ag rith ar na bóithre ar son a sláinte. Tugtar 'bogshodar' nó *jogging* air seo agus is eachtra an-choitianta í anois i measc daoine – rud nach dtugtar an dara sracfhéachaint air. Modh rith eile atá an-tóir air is ea an Maratón. Is rás bliantúil é seo ar fhad 26 míle nó 26 míle 385 slat le bheith beacht, a reáchtáiltear i go leor príomhbhaile ar fud an domhain le Baile Átha Cliath san áireamh. Déanann daoine iarracht aithris a dhéanamh ar an aistear a rith an saighdiúir Gréagach darb ainm Pheidippides ón bhaile Maratón go dtí an Aithin i 490 RC chun scéal an bua Ghréagach ar na Peirsigh ag Cath Marathon a chur in iúl.



Ag deireadh na míosa seo ar an 21 Aibreán beidh an *Boston Marathon* ar siúl. Tig le haon duine ó 18 mbliana d'aois go dtí 80 bliain d'aois páirt a ghlacadh sa Mharatón ach an t-am cáilithe de réir a aois bainte amach acu. Má tá ocht mbliana déag d'aois thú ní mór duit bheith in ann an Maratón a chríochnú laistigh de 3 uair 35 nóiméad agus más duine thú le níos mó ná ceithre scór bliain caithfidh tú bheith in ann an rás a chríochnú i 5 uair agus 25 nóiméad. Bunaíodh an rás seo siar sa bhliain 1897 agus tá sé ar siúl gach bliain ó shin. De ghnáth is ócáid spraoi, spórtúil í ach sa Mharatón Bostúin anuraidh rinne sceimhlitheoirí ionsaí ar an rás le buamaí inar maraíodh triúr agus gortaíodh breis is dhá chéad eile. Mar thoradh ar an uafás sin tá bearta slándála go mór i bhfeidhm an bhliain seo. Tá cosc agus coinníollacha ar an-chuid rud a d'fhéadfaí coimeád faoi cheilt cosúil le gunna nó scian. Tá cosc ar mhálaí droma (*backpacks*) a iompair ag duine agus ar neart gnáthrudaí eile a bhí ceadaithe go dtí seo.

